Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)**

**13219/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0311(NLE)**

**ECOFIN 967
UEM 243
FIN 1035**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 508 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1353 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Polainne chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála ag eascairt as ráig COVID-19 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 508 final.

Faoi iamh: COM(2022) 508 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.10.2022
COM(2022) 508 final

2022/0311 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1353 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Polainne chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála ag eascairt as ráig COVID-19**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Leagtar síos le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle ('Rialachán SURE') an creat dlíthiúil chun cúnamh airgeadais ón Aontas a sholáthar do na Ballstáit, atá faoi shuaitheadh eacnamaíoch tromchúiseach, nó a bhfuil dianbhagairt orthu, de bharr ráig COVID-19. Maoinítear leis an tacaíocht faoi SURE, go príomha, scéimeanna oibre gearr-ama nó bearta dá samhail atá dírithe ar fhostaithe agus ar na daoine féinfhostaithe a chosaint agus ar an gcaoi sin an dífhostaíocht agus an caillteanas ioncaim a laghdú, chomh maith le roinnt beart i ndáil le sláinte, go háirithe san áit oibre, a mhaoiniú, mar chuid choimhdeach.

An 6 Lúnasa 2020, d'iarr an Pholainn cúnamh airgeadais ón Aontas agus an 25 Meán Fómhair 2020, lena Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1353, dheonaigh an Chomhairle cúnamh airgeadais don Pholainn d'fhonn go gcomhlánófar a hiarrachtaí náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige ar oibrithe agus ar na daoine féinfhostaithe.

An 19 Meán Fómhair 2022, d'iarr an Pholainn ar an Aontas cur leis an liosta beart atá i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1353 ón gComhairle.

I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán SURE, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le húdaráis na Polainne chun fíorú a dhéanamh ar an mórmhéadú tobann ar chaiteachas iarbhír agus ar chaiteachas beartaithe a bhaineann go díreach le bearta maidir le margadh saothair na Polainne agus le bearta i ndáil le sláinte mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Go háirithe, baineann sé sin le bearta nua:

(a) lena maoinítear déanamh na dtástálacha diagnóiseacha PCR. Thug an tAire Sláinte treoir don Chiste Náisiúnta Sláinte conarthaí maidir le tástálacha RT-PCR i leith SARS-CoV-2 a thabhairt i gcrích le saotharlanna ar spéis leo an obair sin. Rinneadh costas na dtástálacha a mhaoiniú ó bhuiséad an stáit agus bhí siad i gcomhréir le líon na ndaoine a rinne iarratas ar thástáil;

(b) lena ndeonaítear sochar airgid breise míosúil le haghaidh gairmithe leighis agus sochar airgid breise aonuaire le haghaidh oibrithe cúraim sláinte eile a bhí ag comhrac COVID-19. Deonaíodh an sochar do dhaoine a bhí rannpháirteach i soláthar seirbhísí agus ag a raibh teagmháil dhíreach le hothair a bhí ionfhabhtaithe, agus a rabhthas in amhras gur ionfhabhtaíodh iad, le víreas SARS-CoV-2 in aonaid eagraíochtúla de chuid eintiteas leighis. Thug an tAire Sláinte treoir don Chiste Náisiúnta Sláinte chun cistí a bhí beartaithe le haghaidh dheonú na sochar a aistriú chuig eintitis leighis a bhí ag déanamh gníomhaíochtaí leighis.

Chuir an Pholainn an fhaisnéis ábhartha ar fáil don Choimisiún.

Agus an fhianaise atá ar fáil á cur san áireamh ag an gCoimisiún, molann sé don Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghlacadh chun cur leis an liosta beart ar ina leith a dheonaigh an Chomhairle cúnamh airgeadais cheana i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1353 ón gComhairle.

Méid EUR 1 672 546 359 a bhí sna bearta i ndáil le sláinte, mar a d'iarr an Pholainn an 19 Meán Fómhair 2022.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo go hiomlán comhsheasmhach le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle, faoina ndéantar an togra.

Cuireann an togra seo le hionstraim dlí eile de chuid an Aontais chun tacaíocht a sholáthar do Bhallstáit i gcás éigeandálaí, mar atá Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) ('Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002'). An 30 Márta 2020 glacadh Rialachán (AE) 2020/461 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear an ionstraim sin chun a raon feidhme a shíneadh chun go gcumhdófar móréigeandálaí sláinte poiblí agus chun oibríochtaí sonracha atá incháilithe do mhaoiniú a shainiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo ina chuid de réimse beart arna fhorbairt mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 atá ann faoi láthair, amhail 'an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas', agus comhlánaítear leis ionstraimí eile a thacaíonn le fostaíocht amhail Ciste Sóisialta na hEorpa agus Ciste na hEorpa d'Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS)/InvestEU. Trí úsáid a bhaint as iasachtaí a fháil agus a thabhairt ar mhaithe le tacú leis na Ballstáit i gcás áirithe seo na ráige de COVID-19, is togra é seo atá mar bheart cosanta tánaistí chun scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta dá samhail a mhaoiniú, rud a chuideoidh le poist a chosaint agus, ar an gcaoi sin, fostaithe agus daoine féinfhostaithe a chosaint ar riosca na dífhostaíochta.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle is bunús dlí don ionstraim seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Leanann an togra seo iarraidh ó Bhallstát agus léirítear ann dlúthpháirtíocht na hEorpa trí chúnamh airgeadais an Aontais a chur ar fáil i bhfoirm iasachtaí sealadacha do Bhallstát a bhfuil ráig COVID-19 ag dul i bhfeidhm air. Mar bheart cosanta tánaistí, is amhlaidh is tacaíocht ar bhonn sealadach é do chaiteachas poiblí méadaithe an rialtais i leith scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta dá samhail chun cuidiú leis poist a chosaint agus dá réir sin fostaithe agus daoine féinfhostaithe a chosaint ar riosca na dífhostaíochta agus an chaillteanais ioncaim.

Leis an tacaíocht sin, cuideofar leis an bpobal atá buailte agus leis an tionchar díreach sochaíoch agus eacnamaíoch a d'eascair as géarchéim COVID-19 seo a mhaolú.

- **Comhréireacht**

Urramaítear leis an togra seo prionsabal na comhréireachta. Ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na hionstraime a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar gheall ar an bpráinn a bhaineann leis an togra a ullmhú ionas go bhféadfaidh an Chomhairle é a ghlacadh go tráthúil, ní fhéadfaí comhairliúchán a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara.

- **Measúnú tionchair**

Ós togra práinneach é an togra, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ba cheart go bhféadfadh an Coimisiún iasachtaí a chur i gconradh ar na margaí airgeadais, beart arb é críoch a bheadh leis na hiasachtaí sin a ligean chomh fada leis an mBallstát a d'iarr cúnamh airgeadais faoi scáth ionstraim SURE.

Mar aon le ráthaíochtaí a sholáthar do na Ballstáit, tá coimircí eile ina mbunchuid den chreat chun daingne airgeadais na scéime a áirithiú:

- Cur chuige dian coimeádach i leith na bainistíochta airgeadais;
- Déanamh a bheith ar an bpunann iasachtaí lena dteorannaítear riosca comhchruinnithe, neamhchosaint bhliantúil agus neamhchosaint iomarcach do Bhallstáit aonair agus lena n-áirithítear ag an am céanna gurbh fhéidir acmhainní leordhóthanacha a thabhairt do na Ballstáit is mó a bhfuil gá acu leo; agus
- Féidearthachtaí a bheith ann leis na fiacha a thar-rolladh.

2022/0311 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1353 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Polainne chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála ag eascairt as ráig COVID-19**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19[1], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhreis ar iarraidh ón bPolainn an 6 Lúnasa 2020, dheonaigh an Chomhairle, trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1353[2], cúnamh airgeadais don Pholainn i bhfoirm iasachta ar luach uasmhéid EUR 11 236 693 087 í, ag a bhfuil meánaibíocht uasta 15 bliana agus tréimhse infhaighteachta 18 mí, d'fhonn comhlánú a dhéanamh ar iarrachtaí náisiúnta na Polainne chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige sin ar oibrithe agus ar dhaoine féinfhostaithe.

(2) Bhí an iasacht le húsáid ag an bPolainn chun scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta atá comhchosúil leo a mhaoiniú, dá dtagraítear in Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1353.

(3) Chuir ráig COVID-19 srian ar chuid shuntasach de lucht saothair na Polainne. Mar thoradh air sin tá mórmhéadú tobann tar éis teacht ar an gcaiteachas poiblí sa Pholainn i leith bearta nua, eadhon tástáil PCR agus sochair airgid le haghaidh oibrithe sláinte atá ag comhrac COVID-19.

(4) Maidir le ráig COVID-19 agus na bearta urghnácha a chuir an Pholainn chun feidhme in 2020, 2021 agus 2022 chun srian a choinneáil ar an ráig sin, agus chun an tionchar socheacnamaíoch agus an tionchar i ndáil le sláinte a bhaineann léi a shrianadh, bhí tionchar ollmhór acu ar an airgeadas poiblí agus tá go fóill. In 2020, sheas easnamh rialtais ghinearálta agus ollfhiachas rialtais ghinearálta na Polainne ar leibhéil 6.9 % agus 57.1 % den olltáirgeacht intíre (OTI) faoi seach, leibhéil a chúngaigh go dtí 1.9 % agus 53.8 % i ndeireadh 2021. De réir réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta agus ollfhiachas rialtais ghinearálta na

[1] IO L 159, 20.5.2020, lch. 1.

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1353 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Polainne chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás na héigeandála ag eascairt as ráig COVID-19, IO L 314, 29.9.2020, lch. 45.

Polainne ar leibhéil 4.0 % agus 50.8 % d'OTI faoi seach faoi dheireadh 2022. De réir réamhaisnéis an tsamhraidh 2022 ón gCoimisiún, tuartar go dtiocfaidh méadú 5.2 % ar OTI na Polainne in 2022.

(5) An 19 Meán Fómhair 2022, d'iarr an Pholainn ar an Aontas cur le liosta na mbeart ar deonaíodh cúnamh airgeadais ina leith cheana féin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1353 d'fhonn leanúint den chomhlíonadh ar na hiarrachtaí náisiúnta a rinne sí in 2020, 2021 agus 2022 chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige ar oibrithe agus ar dhaoine féinfhostaithe ('an iarraidh'). Go háirithe, thug an Pholainn isteach sraith beart i ndáil le sláinte, a leagtar amach in Aithrisí 6 go 7, chun aghaidh a thabhairt ar ráig COVID-19.

(6) Ar bhonn 'Acht an 2 Márta 2020 maidir le réitigh shonracha a bhaineann cosc, cur i gcoinne agus díothú a dhéanamh ar COVID-19, ar ghalair thógálacha eile agus ar na cásanna éigeandála a eascraíonn astu'[3] thug an tAire Sláinte treoir don Chiste Náisiúnta Sláinte conarthaí maidir le tástálacha RT-PCR i leith SARS-CoV-2 a thabhairt i gcrích le saotharlanna ar spéis leo an obair sin. Rinneadh costas na dtástálacha a mhaoiniú ó bhuiséad an stáit agus bhí siad i gcomhréir le líon na ndaoine a rinne iarratas ar thástáil. Mar a thagraítear dó san iarraidh, ní iarrtar maoiniú a dhéanamh faoi SURE ach ar chaiteachas a forghníomhaíodh in 2020 agus 2021. Is beart nua é sin agus cuireadh chun feidhme é ó dheireadh mhí Aibreáin 2020 go dtí deireadh mhí an Mhárta 2022.

(7) Ar bhonn 'Acht an 2 Márta 2020 maidir le réitigh shonracha a bhaineann cosc, cur i gcoinne agus díothú a dhéanamh ar COVID-19, ar ghalair thógálacha eile agus ar na cásanna éigeandála a eascraíonn astu'[4] agus ar bhonn 'Acht an 14 Lúnasa 2020 maidir le hachtanna áirithe a leasú chun áirithiú a dhéanamh ar fheidhmiú na cosanta sláinte i dtaca le heipidéim COVID-19 agus tar éis di teacht chun deiridh'[5], thug an tAire Sláinte treoir don Chiste Náisiúnta Sláinte cistí a aistriú chuig eintitis leighis, ar cistí iad atá beartaithe le haghaidh dheonú na sochar airgid le haghaidh oibrithe cúraim sláinte atá ag comhrac COVID-19, dá dtagraítear san iarraidh. Is éard atá sa bheart cumhdach a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le sochar airgid breise míosúil a dheonú le haghaidh gairmithe leighis agus sochar airgid breise aonuaire a dheonú le haghaidh oibrithe cúraim sláinte eile. Deonaíodh an sochar do dhaoine a bhí rannpháirteach i soláthar seirbhísí agus ag a raibh teagmháil dhíreach le hothair a bhí ionfhabhtaithe, agus a rabhthas in amhras gur ionfhabhtaíodh iad, le víreas SARS-CoV-2 in aonaid eagraíochtúla de chuid eintiteas leighis. Ní iarrtar maoiniú a dhéanamh faoi SURE ach ar chaiteachas a forghníomhaíodh in 2020 agus 2021. Is beart nua é sin agus cuireadh chun feidhme é ó Mheán Fómhair 2020 go dtí deireadh mhí an Mhárta 2022.

(8) Comhlíonann an Pholainn na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/672 maidir le cúnamh airgeadais a iarraidh. Chuir an Pholainn fianaise chuí ar fáil don Choimisiún ina léirítear gur tháinig méadú EUR 11 826 003 428 ar an gcaiteachas poiblí iarbhír agus ar an gcaiteachas poiblí beartaithe ón 1 Feabhra 2020 mar thoradh ar na bearta náisiúnta a rinneadh chun

[3] Airteagal 10a, míreanna 1 agus 2, agus, tar éis dul in éag d'Airteagal 10a, Airteagal 11h, mír 2, pointe 2 agus mír 4. Dz.U. 2020 poz. 374, arna leasú

[4] Art. 10a alt 1. Dz.U. 2020 poz. 374

[5] Art. 42. Dz.U. 2020 poz. 1493

aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí socheacnamaíocha ráig COVID-19. Is mórmhéadú tobann é seo mar go mbaineann sé freisin leis na bearta i ndáil le sláinte a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar ráig COVID-19 agus lena gcumhdaítear sciar suntasach de na gnóthais agus den lucht saothair sa Pholainn. Tá sé beartaithe ag an bPolainn EUR 9 100 000 den mhéid méadaithe caiteachais a tharla mar gheall ar na bearta nua i ndáil le sláinte a mhaoiniú trí chistí an Aontais ó bhuiséad an Aontais agus trí EUR 580 210 341dá maoiniú féin a sholáthar.

(9) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an bPolainn agus d'fhíoraigh sé an mórmhéadú tobann ar an gcaiteachas poiblí iarbhír agus ar an gcaiteachas poiblí beartaithe a bhaineann go díreach le scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta dá samhail, chomh maith leis an gcaoi a ndeachthas i muinín bearta ábhartha i ndáil le sláinte agus a bhaineann le ráig COVID-19, dá dtagraítear in iarraidh an 19 Meán Fómhair 2022, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2020/672.

(10) Méid EUR 1 672 546 359 a bhí sna bearta i ndáil le sláinte, mar a thagraítear dó san iarraidh ón bPolainn an 19 Meán Fómhair 2022 agus in Aithrisí (6) go (7).

(11) Dá bhrí sin, ba cheart don chúnamh airgeadais a deonaíodh cheana le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1353 cumhdach a dhéanamh freisin ar na bearta nua dá dtagraítear in aithrisí (6) go (7).

(12) Ba cheart don Chinneadh seo a bheith gan dochar don toradh ar aon nósanna imeachta a d'fhéadfaí a dhéanamh i ndáil le saobhadh fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, go háirithe de bhun Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Leis an gCinneadh seo ní sháraítear an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh maidir le cásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann.

(13) Ba cheart don Pholainn an Coimisiún a chur ar an eolas go tráthrialta faoi cur chun feidhme an chaiteachais phoiblí bheartaithe, chun a chur ar chumas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chuir an Pholainn an caiteachas sin chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1353 mar a leanas:

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

'Airteagal 3

Féadfaidh an Pholainn na bearta seo a leanas a mhaoiniú:

(a) laghdú ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta, dá bhforáiltear le hAirteagal 31zo de chuid 'Acht an 2 Márta 2020 maidir le réitigh shonracha a bhaineann cosc, cur i gcoinne agus díothú a dhéanamh ar COVID-19, ar ghalair thógálacha eile agus ar na cásanna éigeandála a eascraíonn astu', don chuid den chaiteachas a bhaineann leis an tacaíocht do dhaoine féinfhostaithe, do na comharchumainn shóisialta go léir (gan beann ar líon na bhfostaithe) agus, i gcás cuideachtaí ina bhfostaítear 50 duine nó níos lú, don chuid den chaiteachas i leith fostaithe a bhí fostaithe go leanúnach;

(b) sochar neamhfhónaimh le haghaidh daoine féinfhostaithe agus dóibh siúd atá ag obair faoi conarthaí dlí shibhialta, dá bhforáiltear le hAirteagail 15zq agus 15zua de chuid ‘Acht an 2 Márta 2020 maidir le réitigh shonracha a bhaineann cosc, cur i gcoinne agus díothú a dhéanamh ar COVID-19, ar ghalair thógálacha eile agus ar na cásanna éigeandála a eascraíonn astu’;

(c) fóirdheontais i leith tuarastal agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta de chuid cuideachtaí a úsáideann obair gearr-ama nó a laghdaíonn am obair go deonach nó ina raibh na fostaithe i bhfostaíocht go leanúnach, dá bhforáiltear le hAirteagail 15g, 15ga, 15gg, 15zzb, 15zze, 15zze$^{2}$ de chuid ‘Acht an 2 Márta 2020 maidir le réitigh shonracha a bhaineann cosc, cur i gcoinne agus díothú a dhéanamh ar COVID-19, ar ghalair thógálacha eile agus ar na cásanna éigeandála a eascraíonn astu’;

(d) fóirdheontais le haghaidh daoine féinfhostaithe nach bhfuil fostaithe acu, dá bhforáiltear le hAirteagail 15zzc de chuid ‘Acht an 2 Márta 2020 maidir le réitigh shonracha a bhaineann cosc, cur i gcoinne agus díothú a dhéanamh ar COVID-19, ar ghalair thógálacha eile agus ar na cásanna éigeandála a eascraíonn astu’;

(e) iasachtaí atá in-chomhshóite go fóirdheontais arna ndeonú do dhaoine féinfhostaithe, micrea-chuideachtaí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, le haghaidh an mhéid a chomhshóitear iarbhír go deontais, dá bhforáiltear le hAirteagail 15zzd, 15zzda de chuid ‘Acht an 2 Márta 2020 maidir le réitigh shonracha a bhaineann cosc, cur i gcoinne agus díothú a dhéanamh ar COVID-19, ar ghalair thógálacha eile agus ar na cásanna éigeandála a eascraíonn astu’;

(f) maoiniú a dhéanamh ar dhéanamh na dtástálacha diagnóiseacha PCR sna saotharlanna a rinne conarthaí maidir le tástálacha RT-PCR i leith SARS-CoV-2 a thabhairt i gcrích leis an gCiste Náisiúnta Sláinte, dá bhforáiltear le hAirteagal 10a, mír 1 agus 2, agus tar éis dul in éag Airteagal 10a, Airteagal 11h, mír 2, pointe 2 agus mír 4 de chuid ‘Acht an 2 Márta 2020 maidir le réitigh shonracha a bhaineann cosc, cur i gcoinne agus díothú a dhéanamh ar COVID-19, ar ghalair thógálacha eile agus ar na cásanna éigeandála a eascraíonn astu’;

(g) sochar airgid breise míosúil a dheonú le haghaidh gairmithe leighis agus sochar airgid breise aonuaire a dheonú le haghaidh oibrithe cúraim sláinte eile, dá bhforáiltear le hAirteagal 10a, mír 1 de chuid ‘Acht an 2 Márta 2020 maidir le réitigh shonracha a bhaineann cosc, cur i gcoinne agus díothú a dhéanamh ar COVID-19, ar ghalair thógálacha eile agus ar na cásanna éigeandála a eascraíonn astu’ agus, tar éis dul in éag Airteagal 10a, le hAirteagal 42 de chuid ‘Acht an 14 Lúnasa 2020 maidir le hachtanna áirithe a leasú chun áirithiú a dhéanamh ar fheidhmiú na cosanta sláinte i dtaca le heipidéim COVID-19 agus tar éis di teacht chun deiridh’.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Polainne.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*